

Hurlamaboc - *Téamaí agus Carachtair:*

Baineann an sliocht seo leis an chlann agus an Tíogar Ceilteach. Bhí gach rud foirfe i dteach Lisín. Bhí sí sona sásta le gach rud - A fear céile Pól, a buachaillí Ruán agus Cuán, agus a teach. Bhí Cuán trí bliana déag d'aois, agus bhí Ruán ocht mbliana déag. Bhí Lisín agus Pól pósta le fiche bliain, agus bhí siad ag ullmhú cóisire chun ceiliúradh.

Bhí a lán airgid ag an chlann seo. Ní raibh Pól saibhir nuair a bhuail sé le Lisín -

Bhí sé ag obair i siopa ag an am. Ach anois, bhí sé saibhir agus bhí an teaghlach ina chónaí i dteach deas, néata. Deich mbliana ó shin, bhí an Tíogar Ceilteach le feiceáil gach áit. Ag an am sin, cheannaigh Pól stoc ar an idirlíon, agus rinne sé a lán airgid.

Is duine "**foirfe**" í Lisín. Bhí saol foirfe aici. Bhí gach rud réidh ag Lisín don chóisir, agus bhí dhá reoiteoir lán le bia. Bhí péint nua ar na ballaí, agus bhí bláthanna sna prócaí. Bhí an teach i gcónaí néata agus álainn, agus bhí sí féin i gcónaí **néata** agus **álainn**. Bhí sí **tanaí** agus bhí a cuid gruaige **fionn**. Bhí na mná uilig ar an bhóthar néata agus faiseanta, ach bhí Lisín níos néata agus níos **faiseanta**. Bhí bean amháin le gruaig dhorcha agus shíl gach duine go raibh sí aisteach. Ní raibh post ag Lisín, mar rinne Pól go leor airgid don teaghlach. Ach bhí sí ag freastal ar a lán ranganna teanga.

Is **déagóir míshona** é Ruán. Chreid sé go mbeadh an chóisir "crap".

Ach dúirt sé lena mháthair go mbeadh sé "cool", mar ba

mhaith leis áthas a chur uirthi. Bhí grá aige dá mháthair, ach chuir sí **lagmhisneach** air an t-am ar fad. Tháinig comharsa go dtí an doras, mar fuair sé cuireadh go dtí an chóisir. Níor thaitin an fear seo le Ruán. Bhí sé cairdiúil agus gealgháireach, ach bhí súile géara aige cosúil le múinteoir. Ní raibh Ruán **compordach** ag caint leis.

Shíl gach duine go raibh gach rud foirfe i saol Lisín, ach ní raibh.

B'fhéidir go raibh sí dathúil agus saibhir, ach ní raibh a mac, Ruán, sásta ar chor ar bith. Chuir sin brón an domhain orm ☹